

AN ARD-CHÚIRT  
ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

[U.T. 2016, 326 JR]

IDIR/

BORD BAINISTÍOCHTA SCOIL LORCÁIN

IARRATASÓIR

AGUS

ARD RÚNAÍ NA ROINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA, DIARMUID Ó  
MURCHÚ, SEÁN SHEEHAN AGUS MICHAEL BAKER

FREAGRÓIRÍ

AGUS

AB AGUS CD

PÁIRTITHE AR FHÓGRA

**BREITHIÚNAS tugtha ag an Bhreitheamh Hogan ar an 29ú lá mí Iúil 2016**

1. Bunscoil lán-Ghaelige i mBaile na Manach, Contae Átha Cliath, is ea an t-iarratasóir (“Scoil Lorcáin”) sa chás seo. Bunaíodh Scoil Lorcáin i 1952 agus ó thús ba é príomhaidhm na scoile ná oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil do phaistí i mBaile Átha Cliath theas. Do ghlac Bord Bainistíochta na scoile Polasaí Cláráithe san bhliain 2014 i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998 (“an tAct 1998”).
2. I láthair na huaire, bíonn an-éileamh ar spásanna sa scoil. Níl ach 60 spás le fáil i rang na naíonáin shóisearachta ag tosú i mí Mheán Fómhair 2016, ach de réir na fianaise, is léir go ndearna thart ar 190 páiste iarratais ar an rang naíonáin shóisearachta seo.
3. Duine de na páistí seo ab ea “Ciara”, iníon na bpáirithe ar fhógra, AB (an t-athair) agus CD (an mháthair). Do rugadh Ciara in mí Feabhra 2012. Ar an 12ú Meitheamh 2012 chuir na tuismitheoirí Ciara iarrata ar Scoil Lorcáin istea ar aít scoile

dá infón in Mean Fómhair 2016. Dúirt na tuismitheoirí go raibh sí a tógáil trí Gaelige agus do lorg siad ait sa scoil ar an mbonn sin. Is léir, áfach, gurb is foghlaimoir Ghaelige an athair (ce go bhfuil sé ag freastail ar chúrsaí cónaithe le, mar shampla, Gael Linn) agus níl moráin Gaelige ar chur ar bith leis an mhathair.

4. Tugann polasaí iontrála Scoil Lorcáin tosaíocht do pháistí “atáthar i dtógáil le Ghaelige” má tá lion na t-iarrats ar áiteanna níos mó na an mhéid áit atá ar fail. Níl sé in gceist ach go bhfuil an ceart ag an Scoil polasaí iontrála a bheith aici a thogann tosaíocht do pháistí atá á dtógáil le Gaelige. Sí an t-aon cheist ná an bhfuil an polasaí sin á chur i gcríoch ar shlí atá cothrom agus cóir.

5. Sa chás seo tá na tuismitheoirí scartha. Faraoid, do bhí easaontas idir na tuismitheoirí faoin cén scoil a mbeadh oiriúnach do “Ciara”. Cuireadh an cheist sin faoi bhráid na h-Ard-Chuirte. Ar an 13ú Samhain 2015 do rhialaigh an Breitheamh Uí hAnluain go mbeadh sé ar leas “Ciara” go bhfreastalódh sí ar an Naíonra Scoil Lorcáin agus ar Scoil Lorcáin ina dhiadh sin, más féidir é. Díreach aréis rialú na hArd-Chuirte thosnaigh “Ciara” ag freastal Naíonra Lorcáin in mí Samhain.

6. Nuair a iarrann tuismitheoir go n-áireofar tosaíocht a thabhairt do pháiste “atáthar i dtógáil le Ghaelige” de réir leis an polasaí, is féidir leis an Bhord iarraidh ar an tuismitheoir agus ar an bpáiste teacht i láithair chun an Scoil a shásamh gurb i an Ghaelige an teanga a labhraíonn siad sa bhaile. Timpeall mí na Nollaig 2015 do cheap an Bhord beirt mhúinteoirí sinsearachta chun agallamh a chur ar an athair agus ar a infón don mheasúnacht sin.

7. Da réir na múinteoirí “nach raibh mórán Gaelige” ag an athair agus go raibh “an deachracht aige á labhairt.” Agus ba é tuairirm na múinteoirí freisin nach raibh ach Gaelige an-teoranta ag an bpáiste: mar a dúirt said sna notaí: “rinneamar gach iarracht, rud éigin a fháil uauthi. ...Ní raibh go leor Gaelige ag an bpáiste in aon chur.”

8. Cé go ndearna na múinteoirí gach iarracht “freagra a fháil uathí”, níor fhéad sí ceisteanna bunúsacha a fhreagairt ná comhrá a dheanamh trí Ghaelige. Cinn an Bhord tareis moladh na múinteoirí nach raibh fianaise ar bith ann a shásódh é go raibh an páiste “a togáil trí Ghaelige.” Dheimhnigh príomhoide na Scoile don mhathair le ríomh-phost arna dhatú 26ú Eanáir 2016 gurbh é an sainmhíniú a bhí ag Scoil Lorcáin ar “Paistí atáthair á dtógáil le Gaelige” ná teachlaigh in a bhfuil tuismitheoir amháin ar a laghad ag cáint trí mhéan an Gaelige amháin leis an pháiste.
9. In dhiadh sin do rinne an athair achomharc chug an Bhord ar dtús, ach níor eirigh leis an achomharc sin. Ansin do rinne an athair achomharc faoi alt 29 den 1998 Acht ar an tArd Runaí. Do cheap an Ard Runaí coiste (“an Coiste Achomhairc”) chun an t-achomharc a éisteach.
10. Tháinig an Coiste ar an 29ú Feabhra 2009 chun an achomharc i gcoinne cinneadh na Scoile a éisteach. Do bhí trí bhail den Choiste – Uas Ó Murchú, Uas. Sheehan and agus Uas. Baker. Lean an éisteacht ar feadh uair go leath. Do bhí ionadaí ó gach taobh i láthair: an Príomhoide, Scoil Lorcáin agus Cathaoirleach An Bhoird Bainistíochta ó Scoil Lorcáin; an athair le hachcóide agus bhí an mathair ann le breathnóir.
11. Do chuala an Choiste aighneachtaí ó bhéal. Rinne an t-Uas. Ó Maolchalain (abhcóide ar son an athair) aighneacht nach raibh an pas-phointe don mheasúnú ar eolas. Dúirt sé freisin go raibh Gaelige a fhoghlaim ag an athair agus go ndearna sé tréan iarracht Gaelige a labhair lena iníon i gconaí. Thug an athair fianise i nGaelige faoi na hiarrachtaí a bhí deanta aige feabhas a chur a chuid Ghaelige. Is fíor níor croscheistíodh é faoin gceist sin. Dúirt ionadaí na Scoile áfach go raibh easpa fianise go raibh Gaelige ag an bpaiste agus go raibh treoir tugtha dón athair faoi na critéir a bheadh in úsáid san measúnacht.

12. Is léir ón mionscríbhínn an t-Uas. Ó Murchú go bhfuil an dóthain cleachta ag baill den Choiste a beith “múineadh ag gach leibhéal oideachais...ag múineadh in nGaelscoileanna, bheith mar bhaill di Choistí Bainisteorachta agus 12 bhliain mar chigire scoile” ar cheantas sa Gaeltacht. Do bhí bhaill den Choiste cleachtaithe ag déileáil le hachomhairc faoi alt 29 le blianta fada anuas freisin.

13. Rinne an Choiste a chinneadh féin agus d’éirigh leis an achomharc. Sheol an Choiste an cinneadh sin faoi bhráid an t-Ard Rúnaí an Roinn Oiredeachais, mar is ga de réir alt 29(5) den Acht 1998 agus – mar is gnáth – glacadh leis. Toisc gur éirigh leis leis an achomharc in gcoinne cinneadh na scoile, bhí “Ciara” idteideal áite sa scoil.

**Alt 29 den Acht 1998: Achomharc don Ard-Rúnaí**

14. Forálann alt 29(1), (2) agus (3) den Acht 1998:

“(1) Más rud é, maidir le bord nó le duine atá ag gníomhú thar ceann an bhoird:-

- (a) go n-eisiafaidh sé nó sí mac léinn go buan ó scoil,
- (b) nó go ndéanfaidh sé nó sí mac léinn a fhionraí ó fhreastal ar scoil ar feadh tréimhse a fhorordófar chun críche na mire seo, nó
- (c) go ndiúltoídh sé nó sí mac léinn a rollú i scoil, nó
- (d) go ndéanfaidh sé nó sí cinneadh d’aicme a gcinnfidh an tAire ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle le pátrúin, le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile, le ceardchumainn aitheanta agus le comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí, go bhféadfar achomharc a dhéanamh ina haghaidh de réir an ailt seo, féadfaidh tuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici,

an mac léinn, laistigh de thréimhse réasúnach ón dáta ar cuireadh an cinneadh in iúl don tuismitheoir nó don mhac léinn agus tar éis aon nósanna imeachta achomhairc a bheidh curtha ar fáil ag an scoil nó ag an bpátrún de réir alt 28 a bheith tugtha chun críche, achomharc in aghaidh an chinnidh sin a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus déanfaidh coiste a cheapfar faoi fho-alt (2) an t-achomharc sin a éisteacht.

- (2) Déanfaidh an tAire, d'fhonn achomharc faoin alt seo a éisteacht agus a chinneadh, coiste amháin nó níos mó a cheapadh (dá ngairtear “coiste achomhairc” san alt seo) agus beidh Cigire agus cibé daoine eile is cuí leis an Aire ar gach coiste acu sin.
- (3) Más rud é go gcheapfar coiste faoi fho-alt (2), déanfaidh an tAire duine amháin dá líon a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcoiste sin agus, i gcás combhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach....”

#### **Alt 19 den Acht Oideachais (Leas) 2000**

15. Ní mór don Bhord Bainistíochta an cinneadh maidir le cé acu de na hiarratasóirí a gheobhaidh spás sa scoil agus cé acu nach bhfaighidh a bhunú ar na polasaithe cláraithe atá foilsithe ag an scoil de réir alt 15(2)(d) den Acht 1998. Forálann alt 19 den Acht Oideachais (Leasú) 2000 (“an Acht 2000”):-

- "1. Ní dhiúltóidh bord bainistíochta scoile aitheanta leanbh a ligean isteach mar mhac léinn sa scoil sin, ar leanbh é nó í a mbeidh iarratas chun é nó í a ligean isteach amhlaidh déanta ina leith, ach amháin i gcás ina mbeidh an diúltú sin de réir bheartas na scoile aitheanta lena mbaineann, arna fhoilsiú faoi alt 15(2) (d) d'Acht 1998.

2. Déanfaidh tuismitheoir linbh a mbeidh iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (1) déanta aige nó aici cibé faisnéis a fhorordóidh an tAire a chur ar fáil don scoil aitheanta lena mbaineann.
3. A luaithe is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 21 lá, tar éis do thuismitheoir cibé faisnéis a chur ar fáil, de réir fho-alt (2), a fhorordóidh an tAire faoin bhfo-alt sin, déanfaidh bord bainistíochta na scoile lena mbaineann cinneadh i leith an iarratais lena mbaineann agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i scríbhinn don tuismitheoir.”

### Cinneadh an Choiste

16. Ghlac an Coiste Achomharc leis na haighneachtaí a chuir an t-athair ar aghaidh maidir le halt 29 den Acht 1998 ar son a iníon, “Ciara”. De réir a chuid dlínse, mar atá leagtha síos ag an gCúirt Uachtarach sa chás *Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Naomh Mológa v Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna* [2010] IESC 57, [2011] 1 I.R. 362 thug an Coiste Achomharc éisteacht iomlán don chás seo. Bheartaigh an Coiste ar a chinneadh tar éis scrúdú a dhéanamh ar an réimse pointí a bhí sna háitithe labhartha agus scríofa ón dá pháirtí, chomh maith leis na Polasaithe Cláraithe a d’fhoilsigh an scoil i 2014.

17. Bheartaigh an Coiste ar a chinneadh mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:-

“1. I bPolasaí Cláraithe na scoile, luaitear go “[g] cuirfear fáilte roimh gach páiste chuig Scoil Lorcáin Cuma cén cúlra teanga...atá aige nó aici”.

Bhí an coiste achomharc den tuarim nach dtagann an ráiteas seo le halt 2.6 den pholasáí, ina léirítear go ndáilfí áiteanna más mó an líon iarrthóirí ná líon na n- áiteanna sa chéad dul síos do “p[h]áistí atá á dtógáil le Gaeilge.”

2. Níor thug Bord Bainistíochta Scoil Lorcáin dóthain eolais don tuismitheoir faoin gcóras measúnaithe chun líofacht Ghaeilge an pháiste agus an tuismitheora a mheasúnú. Ghlac an coiste achomharc le tuarim an tuismitheora nár mheas an t-agallamh a chumas agus cumas an pháiste comhrá a dhéanamh le chéile i nGaeilge.
3. Níor luaigh Polasaí Cláraithe na scoile an próiseas atá acu chun fianaise a fháil maidir le cumas teanga labhartha tuismitheoirí agus páistí atá á dtógáil le Gaeilge a mheasúnú.
4. Ní raibh aon chritéir leagtha amach sa Pholasaí Cláraithe chun líofacht Ghaeilge an tuismitheora a mheasúnú.
5. Ní raibh an sainmhíniú a tugadh sa ríomhphost ar an 26<sup>ú</sup> Eanáir 2016. *The definition we have for this is a family where at least one parent speaks Irish only to the child*” ag teacht le Pholasaí Cláraithe na scoile. Níl aon sainmhíniú mar seo luaite sa pholasaí.
6. Dúradh leis an gcoiste gur cuireadh toradh an agallaimh ar leataobh uair amháin agus tairgeadh áit sa scoil do pháiste nuair a cuireadh fianaise eile faoi líofacht na beirte ar fail don scoil. Níor tugadh deis [don athair] aon fhianaise eile a chur ar fáil.”

### **Dlínse an Choiste**

18. Is fíor é go ndaingnigh an Chúirt Uachtarach sa chás *Naomh Molaga* gur dlínse iomlán é dlínse an Coiste Achomharc faoin alt 29. Dúradh é sin mar fhreagra ar an maíomh gur dlínse athbhreithniú é dlínse an Coiste; agus dá bharr sin nach raibh dlínse acu idirghabháil a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn an chéad chinneadh den Bhord Bainistíochta mícheart de réir dlí nó míréasúntacht.

19. Ina dhiaidh sin, is léir ó bhreithiúnais an Bhreitheamh O’Keefe sna cásanna *Lucan Educate Together v. Secretary General, Department of Education* [2011] IEHC 86 agus *Co. Westmeath VEC v. Secretary General, Department of Education* [2009] IEHC 373, [2010] 1 I.R. 192 nach bhfuil dlínse ar bith ag an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas iontrála na scoile a ghlacadh faoin alt 15(2)(d) den Acht 1998.

20. San chás *Lucan Educate Together* duirt an Choiste Achomhairc ina chinneadh – agus é ag cur cinneadh scoile a dhiúltaigh paiste le deacrachtaí foghlama a chlárú:

21. “It is the view of the Committee that the inclusion in the school’s enrolment policy of the criterion ‘if the child presents with a general learning disability, it must fall within the mild range’ is inappropriate in the context of recent legislation.” Chuir O’Keefe B. cinneadh an Choiste Achomhairc ar ceal. Dúirt sé:

“The first conclusion to be stated in relation to this reason, that a part of the school enrolment policy is inappropriate in the context of recent legislation is that it is vague and uncertain in its own terms. It purports to be a determination of the lawfulness of a part of the school’s enrolment policy in the context of unspecified recent legislation. In my judgment, as expressed, it does not amount to a valid reason.

The enrolment policy is prepared by the Board of Management in accordance with s 15(2)(d) [of the 1998 Act]. There is no evidence before the court that the Minister made any directions in relation to the applicant’s enrolment policy. Section 19 of the Education (Welfare) Act 2000, provides that the Board of Management shall not refuse to admit as a student in such school a child, except for such refusal is in accordance with the enrolment policy published under s. 15(2)(d) of the Act of 1998. In my opinion, the Committee



cannot strike down or disregard a provision in the enrolment policy of a school and substitute what it may consider as appropriate. The enrolment policy when published has to have regard to the matters set out in Section 15(2)(d). This includes respecting the right of parents to send children to a school of the parents' choice, but it does not confer on a parent the right to send a child to the school of their choice.”

22. De bharr sin, is é tasc amháin an Coiste Achomharc ná an cheist seo a réiteach; ar lean an Bord na bpolasaí iontrála foilsithe i gceart sa chás seo? Glacaim nach mbeidh an tasc seo chomh simplí nó chomh díreach le sin i dtólamh: caithfidh a bheith roinnt dlínse a bheith ag an Coiste chun ciall a bhaint as na polasaithe siúd, chomh maith le roinnt saoirse chun na polasaithe a chur i bhfeidhm. Ba chóir an saineolas agus an taithí a bhaineann leis an gCoiste in ábhair oideachais a chur san áireamh, mar ní bhaineann an saineolas céanna leis an gCúirt seo.

23. Sa chomhthéacs seo, caithfimid scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna iarbhír a thug an Coiste sa chás seo.

#### **Foras 1: Neamhréireachtaí sa pholasaí**

24. Chinn an Coiste go raibh an ráiteas in alt 1.8 den pholasaí iontrála cé a luaitear go “*[g]cuirfear fáilte roimh gach páiste chuig Scoil Lorcáin Cuma cén cúlra teanga...atá aige nó aici*” i gcoimhlint le halt 2.6 den pholasaí, a léiríonn más rud é go bhfuil níos mó iarratasóirí ná spásanna le fáil, tabharfaidh na spásanna ar dtús do “*p[h]áistí atá á dtógáil le Gaeilge.*”

25. I mo thuairim, is léir go ndearna an Coiste earráid nuair a ghlac siad leis an mbarúil sin. Níl aon neamhréireacht idir an ráiteas go dtabharfar na spásanna ar dtús do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge de pháirt amháin, agus an ráiteas go gcuireadh an scoil fáilte roimh gach páiste, ba chuma cén cúlra teanga atá aige nó aici, den pháirt

eile. Mar shampla, is fíor gan dabht go bhfuil go leor scoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach Rómhánach nó Eaglais na hÉireann a léiríonn altanna cosúil le sin ina gcuid polasaithe iontrála foilsithe; ag tabhairt tosaíocht do pháistí atá á dtógáil le creideamh áirithe de pháirt amháin, agus ag cur fáilte roimh pháistí ó gach cúlra reiligiúnach ag an am céanna. Míníonn ráitis mar sin i bpolasaithe iontrála go dtugann an scoil tosaíocht do ghrúpa amháin (m.sh. Gaeilgeoirí nó Caitlicigh Rómhánacha), ach go gcuireadh fáilte roimh gach uile pháiste.

26. Ina dhiaidh sin, ní ghlacaim leis go bhfuil na ráitis seo ón Choiste bunriachtanach don chinneadh, toisc nach raibh na ráitis i gceist bainteach le cinneadh críochnaitheach an Coiste. Ó mo thaobhsa, i ndáil leis an réasúntacht gur úsáideadh sna cásanna *Lucan Educate Together* agus *Co. Roscommon VEC*, tá mé in amhras faoi dhlinse an Coiste chun ráitis mar sin a dhéanamh ar chor ar bith. Is é an t-aon tasc amháin den Choiste ná polasaithe na scoile a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna ar leith. Ní cóir don Choiste féachaint taobh thiar de na polasaithe nó iarracht indíreach a dhéanamh chun iad a cháineadh.

27. Is léir ón chás seo gur rud deacair é an prionsabal seo a chur i bhfeidhm go seasamhach, go háirithe toisc go n-athraíonn polasaithe iontrála i bhfad ó scoil go scoil. Ní bhíodh na polasaithe go léir siúd scríofa leis an gcrúinneas agus an déine atá riachtanach, le go mbeadh an Coiste in ann a gcuid feidhm achomhairc a chríochnú faoin alt 29 i slí shimplí. Mar atá cúrsaí anois, áfach, ní mór don Choiste polasaí iontrála na scoile a ghlacadh le haghaidhluach agus ní ceart don Choiste féachaint taobh thiar dóibh in aon chor.

28. Is cosúil go bhfuil an léiriú seo d'alt 29 ró-chaol agus ba cheart go mbeadh ról níos leithne ag an gCoiste polasaithe iontrála foilsithe de na scoileanna a

athbheithniú. Ach sa deireadh thiar, is rogha beartais é sin laistigh de théarmaí tagartha an tOireachtas.

29. Ina dhiaidh sin, toisc gur barúlacha neamhcheangailteacha iad na ráitis siúd ón Choiste, nach raibh lárnach don chonclúid deiridh, ní dóigh liom gur cheart an cinneadh iomlán a neamhniú ar an bhforas seo amháin.

## **Foras 2: Eolas do thuismitheoirí i ndáil le haon mheasúnacht líofachta sa**

### **Ghaeilge**

30. Tugtar dhá príomhchúiseanna faoin gceannteideal seo. Ar an gcéad dul síos, cuirfear faoi bhráid nár thug an scoil go leor eolas do na thuismitheoirí maidir leis an gcóras measúnaithe a bheadh in úsáid chun líofacht na thuismitheoirí agus na páistí sa Ghaeilge a mheas. Ar an dara dul síos, ghlac an Coiste le tuairim an tuismitheora nár mheas an t-agallamh a chuid cumas nó cumas an páiste chun comhrá lena chéile.

31. Cé go ndéanann na nótaí sa Pholasáí 2014 soiléir go bhféadfar glaoigh a chur ar aon thuismitheoir atá ag iarraidh taispeáint go bhfuil a pháiste á dtógáil le Gaeilge teacht isteach don scoil chun é sin a léiriú d'ionadaithe ón mBord Bainistíochta (“...is féidir go n-iarrfaí ar an thuismitheoir teacht chun na scoile leis an bpáiste chun a léiriú do ionadaithe an Bord Bainistíochta gurb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide eatarthu...”), measaim féin go raibh an ceart ag an gCoiste breithniú nach raibh go leor eolas ar fáil don thuismitheoir maidir leis an modh measúnaithe.

32. An rud nach nglacaim, áfach, ná an chonclúid ón gCoiste gur theip ar an scoil a dhóthain deiseanna a thabhairt don athair chun a chuid cumas, nó cumas a hiníon, labhairt lena chéile as Gaeilge. Is léir óna nótaí mionsonraithe scríofa ag beirt mhúinteoir cé a chuireann síos ar an agallamh leis an bpáiste agus a hathair ar an 8ú Nollag 2015, go ndearnadh gach uile iarracht chun cumas teangacha den bheirt acu a mheas.

33. Cé gur thuig na múinteoirí go ndearna an t-athair iarrachtaí inmholta chun Gaeilge a labhairt, chinn an bheirt acu nach raibh go leor Gaeilge ag an páiste chun a rá go raibh sí á dtógáil trí Ghaeilge. Tháinig siad ar an gconclúid nach raibh na dathanna nó uimhreacha ar eolas ag an páiste, agus nach raibh sí in ann troscáin tí a aithint. Anuas ar sin, ní raibh amhrán nó dán aici as Gaeilge.

34. I mo thuairim, ní thacaíonn an fhianaise atá ar fáil leis an gconclúid a ghlac an Coiste Achomharc á rá nach bhfuair an t-athair deis leordhóthanach a chuid cumas chun Gaeilge a labhairt leis an bpáiste a thaispeáint. De bharr na fianaise, níl an chonclúid sin inbhuanaithe in aon chor. Toisc gur cinneadh ríthábhachtach ón gCoiste é seo, agus gur cúis é seo leis an gconclúid deiridh ón gCoiste gur chóir an t-achomharc a cheadú, ba chóir an cinneadh a neamhniú ar an bhforas seo amháin. Cé go bhfuil saoirse éigin ag comhlachtaí riaracháin maidir le haimsiú ffricí, ba chóir go mbeadh bunús fforasach réasúnta ag an cinneadh deiridh. Mar a dúradh ag an Cúirt Uachtarach, ba cheart go mbeadh aon chinneadh den sórt seo *bona fide*, go mbeadh sé ceart agus cruinneas maidir leis na bhfóras, agus nach cead dó bheith míréasúntacht: féach ar *The State (Lynch) v. Cooney* [1982] I.R. 337, 361, le O'Higgins C.J.

**Foras 3: Níor luaigh Polasaí Cláraithe na scoile an próiséis atá acu chun fianaise a fháil maidir le cumas teanga labhartha tuismitheoirí agus páistí atá á dtógáil le Gaeilge a mheasúnú.**

35. Tá an chúis a thugadh maidir le foras 3 an-chosúil leis an gcúis a thugadh le foras 2; dúradh sa dá fhorais nár shonraigh an polasaí cláraithe conas a bheadh cumas teangacha na tuismitheoirí agus na páistí luacháilte. Is sampla breis é seo de na deacrachtaí atá thuasluaite agam; go mbeadh roinnt cásanna inar nach bhféadfadh leis an gCoiste téarmaí na polasaithe cláraithe a fheidhmiú go díreach simplí.

36. Ag glacadh le taithí an Coiste ó thaobh cúrsaí oideachais, cinnim go raibh an Coiste i dteideal conclúid a dhéanamh gur chóir de na polasaithe cláraithe bheith mínithe le níos mó sonraí ag leagan amach conas go mbeadh cumas teangacha na hiarratasóirí measaithe.

#### **Foras 4: Ní raibh aon chritéir leagtha amach sna polasaithe cláraithe chun**

##### **líofacht an tuismitheora a mheasúnú.**

37. Is fíor nach sonraíonn na polasaithe cláraithe an méid líofachta atá ag teastáil ón dtuismitheoir le Gaeilge. Is é toradh den chonclúid an Coiste, áfach, ná an chinneadh nach raibh caighdeáin leordhóthanacha chun cumas teangacha a mhéadú le fáil sna polasaithe. Ar aon dul leis an méid atá díreach ráite agam maidir le foras 3, aontaím go raibh an Coiste i dteideal, i bprionsabal, teacht ar chonclúid mar sin de bharr a chuid saineolas i gcúrsaí oideachais. Aontaím le sin fiú amháin más rud – ar radharc amháin – gur cháineadh intuigthe de na polasaithe cláraithe é an chonclúid seo.

38. Ag an am céanna, maidir leis an chás seo, tá sé intuigthe, ar a laghad, sa pholasáí cláraithe go bhfuil súil ag an scoil go mbeadh ceannas leordhóthanach ar an dteanga ag tuismitheoir amháin ar a laghad ionas go mbeadh ábaltacht réasúnta acu an páiste a thógáil trí Ghaeilge. Ba chóir gnáthchiall a fheidhmiú sa chomhthéacs seo: creidim go mbeadh sé neamhréadúil éileamh nó ionchas a chur ar thuismitheoirí gur chóir dóibh a gcuid Gaeilge a bheith foirfe agus nathach ó thaobh gramadach de. Ó dhearcadh oibiachtúil, áfach, ó thaobh an ceangaltas sa pholasáí iontrála gur cheart an pháiste a bheith á dtógáil trí Ghaeilge chun iontráil tosaíochta a fháil, ba chomhartha soiléir é sin gur cheart go mbeadh an páiste i gceannas ar an teanga sa mhéid is a bheith cuí dá aois mar pháiste ó thuismitheoir le cumas réasúnta sa Ghaeilge – ní gá go mbeadh sé foirfe.

39. Féadfar an rud céanna a rá le tagairt do na cineálacha riachtanais eile a fhaightear go coitianta i riachtanais iontrála scoile. Mar shampla, más rud é go ndeirtear i bpolasaí cláraithe de mheánscoil éigin go dtabharfar tosaíocht do pháiste atá á dtógáil le Caitliceachas, bheadh sé intuigthe go mbeidh bunecolas ag an páiste, ar a laghad, ar dhearbhphearsabal a gcreidimh cosúil leis na sacraimintí, an Bíobla, na Tríonóide Naofa agus na Deich nAitheanta. Ní fhéadfadh a rá nach raibh treoirlínte soiléire le fáil i bpolasaí iontrála mar sin, fiú amháin nach raibh an frása “á dtógáil le Caitliceachas” mínithe go beacht.

40. I gcomhthéacs an cháis seo, is léir go dtabharfar le fios, de bharr an riachtanais gur chóir don pháiste a bheith á dtógáil le Gaeilge, gur chóir don pháiste roinnt inniúlacht réasúnta sa teanga a thaispeáint, arís, ag leibhéal oiriúnach dá aois. Mar seo, bhí sé réasúnach go mbeadh an scoil ag súil leis an gcumas a bheith ag páiste de bheagnach ceithre bliana d’aois chun roinnt focail ar dathanna, uimhreacha nó troscáin tí a bheith ar eolas aici ar a laghad, fiú amháin nach ceart freagraí foirfe a héileamh.

41. Dá bhrí sin, i mo thuairim féin, thit an Coiste in earráid mar theip orthu aithint go dtugtar le tuiscint ag na polasaithe cláraithe, forléirithe i gceart, go mbeadh cumas teangacha réasúnta, ag leibhéal aoisoiriúnach, ag iarratasóirí. Mar sin, sa mhéid is gur ghlac an Coiste le conclúid dá mhalairt ina gcinneadh, thug siad le tuiscint (go mícheart) nach raibh aon chaighdeán inaitheanta sna polasaithe cláraithe, agus sa tslí sin bhain siad ciall chontráilte as an bpolasaí cláraithe. Anuas ar sin, toisc go raibh ráiteas follasach ar mheasúnacht teanga ag teastáil dóibh, rinne siad neamhaird den fhíric go dtugtar le tuiscint ag an polasaí cláraithe go mbeadh cumas teangacha den chaighdeán réasúnta ag teastáil.

42. Leanann sé, mar sin, go dtagann conclúid an Coiste ó bhonn mícheart – nach raibh aon chaighdeán inaitheanta de chumas teangacha le fáil sa pholasáí cláráithe – ach ba é an mhalairt ar fad a bhí i gceist. Dá bhrí sin, níl conclúid an Coiste inbhuanaithe ó thaobh na fforais de, agus dá bharr sin ba chóir é a chur i leataobh.

**Foras 5: Ní raibh an sainmhíniú a thugadh sa ríomhphost ar an 26<sup>ú</sup> hEanáir**

**2016 (“The definition we have for this is a family where at least one parent speaks Irish only to the child”) ag teacht le Polasáí Cláráithe na scoile. Níl aon sainmhíniú mar seo luaite sa pholasáí.**

43. Is fíor é nach raibh an sainmhíniú speisialta a thugadh sa ríomhphost ón scoil ar an 26<sup>ú</sup> hEanáir, a léiríonn go bhfuil brí den fhrása “á dtógáil le Gaeilge” teoranta le cásanna ina labhraíonn tuismitheoir amháin, ar a laghad, Gaeilge amháin don pháiste, léirithe i bpolasaithe cláráithe na scoile. Más rud é go raibh sé sin an míniú a bhí úsáidte ag an scoil i ndáiríre, is léir go mbeadh “Ciara” diúltaithe de réir caighdeán eile in ionad an chaighdeán a bhí cláráithe ag an scoil.

44. Ní dóigh liom, áfach, go raibh é seo an chaighdeán a chuireadh i bhfeidhm ag an scoil i ndáiríre. Is cosúil dom go bhfuil sé intuigthe sna nótaí a d’ullmhaigh na múinteoirí ag cur síos ar an agallamh leis an bpáiste agus a hathair ar an 8ú Nollag 2015 go dtiocfadh an páiste faoin sainmhíniú ar á dtógáil le Gaeilge dá mbeadh sé léirithe aici go raibh cumas teangacha réasúnta, aoisoiriúnach aici, agus dá mba rud é go raibh sí in ann labhairt i nGaeilge ag leibhéal réasúnta, aoisoiriúnach ag tuismitheoir amháin, ar a laghad.

45. Ina leith sin, cé go raibh an Coiste ceart a rá nár léirigh an sainmhíniú gur tugadh sa ríomhphost de bheith “á dtógáil le Gaeilge” go cruinn an méid a bhí leagtha amach sna polasaithe cláráithe, bunaítear ag an fhianaise chomh maith nach raibh sé

sin an chaighdeáin a bhí curtha i bhfeidhm ag an scoil nuair a dhiúltaigh siad spás a thabhairt do “Ciara”.

**Foras 6: Dúradh leis an gCoiste gur cuireadh toradh an agallaimh ar leataobh uair amháin agus tairgeadh áit sa scoil don pháiste nuair a cuireadh fianaise eile faoi líofacht na beirte ar fáil don scoil. Níor tugadh deis don athair aon fhianaise eile a chur ar fáil sa chás seo.**

46. Is féidir a rá go raibh cásanna san am atá caite nuair a chuir an scoil toradh na hagallaimh teanga ar leataobh agus thugadh seans breise don pháiste agus don tuismitheoir chun fianaise nua ar a gcumas teanga sa Ghaeilge a shoiléiriú. An chéad rud a thabhairt faoi deara, áfach, ná má tharla scéal mar sin, ní raibh sé soláthartha sna polasaithe cláraithe na scoile.

47. Leanann sé, mar seo, go bhfuil an ceart ag an Coiste aird a thabhairt ar an ngné seo. Mar atá thuas luaite agam, is léir ón gcás *Lucan Educate Together* go bhfuil an Coiste teoranta an modh ina raibh na polasaithe cláraithe curtha i bhfeidhm a ghrinnscrúdú. Ní féidir leis an gCoiste aird a thabhairt ar nithe nach mbaineann leis an gcur i bhfeidhm ceart de na polasaithe cláraithe.

48. Níl an cleachtas atá caite ábhartha don chur i bhfeidhm de na polasaithe cláraithe, ach amháin nuair a bhí sé bunaithe go sástacht an Coiste go raibh an cleachtas atá caite chomh daingean agus chomh gnáth ná gur cheart glacadh leis go bhfuil sé *de facto* ag forlíonadh nó ag athrú na polasaithe cláraithe siúd. Níl aon fhianaise mar seo sa chás seo: an rud is cosúil a tharla ná gur imigh an Coiste as na polasaithe i gcásanna áirithe. Má’s fíor é sin, tugtar ag an fhianaise atá ar fáil gur cás iargúlta a bhí i gceist.

49. Sa mhéid sin, ba dhearmad ar an gCoiste trí aird a thabhairt ar chomaoin a bhí neamhábhartha mar ábhar dlí.



## Conclúidí

50. Mar atá léirithe ag an gcás seo, ní ról éasca é ról an Coiste faoin alt 29 den Acht 1998, díreach mar ní cheist shimplí é iarbhrí an cheist maidir leis an modh a léirítear na polasaithe cláraithe d'aon scoil ar bith.

51. De bharr na fáthanna a rinne mé iarracht leagtha amach, is dóigh liom gur thit an Coiste in earráid nuair a tháinig siad ar an gconclúid nach raibh aon chaighdeán inaitheanta le fáil sna polasaithe cláraithe na scoile mar a sheas siad, nuair a bhí siad le fáil ann i ndáiríre. Maidir le roinnt eile príomhchonclúidí an Coiste (*m.sh.*, nár thugadh deis leordhóthanach don athair ná don iníon a gcuid cumais chun labhairt lena chéile as Gaeilge a thaispeáint) níl siad ag luí leis an fhianaise agus ar deireadh thiar níl siad inbhuanaithe ó thaobh na fíricí de.

52. Dá bhrí sin, cuirfí cinneadh an Coiste ar neamhní, ach tarchuirim an t-ábhar chucu le haghaidh tuilleadh breithnithe de réir Ord. 84, r. 27(4). Caithfidh a mheabhrú gur ról achomharc é ról an Coiste, agus gur féidir leo fianaise úr a ghlacadh chun na críche sin a bhaint amach. I gcomhthéacs an tslí inar aithin mé polasaithe cláraithe na scoile, go sonrach an riachtanas go mbeadh an páiste á dtógáil le Gaeilge, ba chóir leis an gCoiste an cheist a chur orthu féin cibé acu go bhfuil leordhóthain fhianaise os a gcomhair gur féidir leo a bheith sásta go bhfuil cumas sa Ghaeilge atá réasúnta, aoisoiriúnach ag an páiste - ní gá go bhfuil sí foirfe nó líofa sa teanga – a léireoidh go bhfuil tuismitheoir amháin ar a laghad a dhéanann iarracht labhairt léi i nGaeilge ar bhonn seasta rialta.